Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C/2024/3692

19.6.2024

GA
Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3692)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú páirteach

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 3832	2 Meitheamh 2024	Déchrómáit sóidiam Uimh. CE 234-190-3, 616-541-6, Uimh. CAS 7789-12-0, 10588-01-9	Robur S.p.A, Viale Parigi, 4/6, 24040 Verdellino, An Iodáil	REACH/24/23/0	Mar oibreán in aghaidh creimthe ar chruach charbóin i gciorcad séalaithe teaschaidéal ionsúite gáis agus fuaraitheoirí ionsúite gáis, suas le maischodán 1,05 % (a fhreagraíonn do mhaischodán 0,42 % mar Cr(VI)) sa thuaslagán cuisneáin	31 Márta 2033	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006 , lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3692/oj